**THIRTIETH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (HOUSES OF THE OIREACHTAS INQUIRIES) BILL 2011**

*As passed by Dáil Éireann*

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 15 of Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

Part 1

Part 2

[No. 47*a* of 2011]

**AN BILLE UM AN TRÍOCHADÚ LEASÚ AR AN mBUNREACHT (FIOSRUITHE THITHE AN OIREACHTAIS), 2011**

*Mar a ritheadh ag Dáil Éireann*

RIAR NA nALT


Alt

1. Airteagal 15 den Bhunreacht a leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Cuid 2


[Uimh. 47*a* de 2011]

**THIRTIETH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (HOUSES OF THE OIREACHTAS INQUIRIES) BILL 2011**

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 15 of the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 15 of Constitution.

**1**.—Article 15 of the Constitution is hereby amended as follows:

(*a*) the subsections, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be inserted in section 10 of the Irish text,

(*b*) the subsections, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be inserted in section 10 of the English text, and

(*c*) section 10 of both texts shall be numbered as subsection 1° of that section.

Citation.

**2**.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Thirtieth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Thirtieth Amendment of the Constitution (Houses of the Oireachtas Inquiries) Act 2011.

**AN BILLE UM AN TRÍOCHADÚ LEASÚ AR AN mBUNREACHT (FIOSRUITHE THITHE AN OIREACHTAIS), 2011**

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, aon fhoráil den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 15 den Bhunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

Airteagal 15 den Bhunreacht a leasú.

**1**.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 15 den Bhunreacht:

(*a*) cuirfear na fo-ailt a bhfuil an téacs díobh leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach in alt 10 den téacs Gaeilge,

(*b*) cuirfear na fo-ailt a bhfuil an téacs díobh leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach in alt 10 den téacs Sacs-Bhéarla, agus

(*c*) déanfar alt 10 den dá théacs a uimhriú mar fho-alt 1° den alt sin.

Lua.

**2**.—(1) An Tríochadú Leasú ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Fiosruithe Thithe an Oireachtais), 2011 a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part 1

2° Beidh an chumhacht ag gach Teach fiosrú a stiúradh, nó fiosrú a stiúradh i dteannta an Tí eile, ar mhodh a ndéantar socrú ina chomhair le dlí, faoi aon ní a luafaidh an Teach sin nó na Tithe sin ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ghinearálta ann.

3° I gcúrsa aon fhiosraithe den sórt sin, féadfar imscrúdú a dhéanamh faoi iompraíocht aon duine (cibé acu is comhalta de cheachtar Teach an duine nó nach ea) agus féadfaidh an Teach sin nó na Tithe sin fionnachtana a dhéanamh maidir le hiompraíocht an duine sin i dtaca leis an ní lena mbaineann an fiosrú.

4° Is faoin Teach sin nó faoi na Tithe sin a bheidh sé an chóimheá chuí idir cearta daoine agus an leas poiblí a chinneadh, ag féachaint go cuí do na prionsabail a ghabhann le nósanna imeachta córa, chun a chur in áirithe go ndéanfar fiosrú éifeachtach faoi aon ní lena mbaineann fo-alt 2°.

### Part 2

2° Each House shall have the power to conduct an inquiry, or an inquiry with the other House, in a manner provided for by law, into any matter stated by the House or Houses concerned to be of general public importance.

3° In the course of any such inquiry the conduct of any person (whether or not a member of either House) may be investigated and the House or Houses concerned may make findings in respect of the conduct of that person concerning the matter to which the inquiry relates.

4° It shall be for the House or Houses concerned to determine, with due regard to the principles of fair procedures, the appropriate balance between the rights of persons and the public interest for the purposes of ensuring an effective inquiry into any matter to which subsection 2° applies.

## Cuid 1

2° Beidh an chumhacht ag gach Teach fiosrú a stiúradh, nó fiosrú a stiúradh i dteannta an Tí eile, ar mhodh a ndéantar socrú ina chomhair le dlí, faoi aon ní a luafaidh an Teach sin nó na Tithe sin ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ghinearálta ann.

3° I gcúrsa aon fhiosraithe den sórt sin, féadfar imscrúdú a dhéanamh faoi iompraíocht aon duine (cibé acu is comhalta de cheachtar Teach an duine nó nach ea) agus féadfaidh an Teach sin nó na Tithe sin fionnachtana a dhéanamh maidir le hiompraíocht an duine sin i dtaca leis an ní lena mbaineann an fiosrú.

4° Is faoin Teach sin nó faoi na Tithe sin a bheidh sé an chóimheá chuí idir cearta daoine agus an leas poiblí a chinneadh, ag féachaint go cuí do na prionsabail a ghabhann le nósanna imeachta córa, chun a chur in áirithe go ndéanfar fiosrú éifeachtach faoi aon ní lena mbaineann fo-alt 2°.

## Cuid 2

2° Each House shall have the power to conduct an inquiry, or an inquiry with the other House, in a manner provided for by law, into any matter stated by the House or Houses concerned to be of general public importance.

3° In the course of any such inquiry the conduct of any person (whether or not a member of either House) may be investigated and the House or Houses concerned may make findings in respect of the conduct of that person concerning the matter to which the inquiry relates.

4° It shall be for the House or Houses concerned to determine, with due regard to the principles of fair procedures, the appropriate balance between the rights of persons and the public interest for the purposes of ensuring an effective inquiry into any matter to which subsection 2° applies.